BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

26 Meán Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – An coincheap 'cúirt nó binse' – Critéir struchtúracha agus fheidhmiúla – Cúraimí breithiúnacha nó riaracháin a fheidhmiú – Údarás poiblí nach bhfuil faoi réir rialacháin agus/nó maoirseachta iniúchóirí reachtúla – Socruithe eagraíochtúla inmheánacha – Cumhacht chun imeachtaí *ex officio* a thionscnamh – Cumhacht pionóis a fhorchur – Cinneadh atá faoi réir caingean le haghaidh neamhniú – Gan stádas mar 'thríú páirtí' i ndáil leis an údarás a ghlacann an cinneadh faoi athbhreithniú breithiúnach – Do-ghlacthacht)

I gCás C-368/23 [Fautromb] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó phainéal roghnaithe an Haut Conseil du commissariat aux comptes (Ard-Chomhairle na nIniúchóirí Reachtúla, Comhdhéanamh Srianta, an Fhrainc), trí bhreith an 25 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Meitheamh 2023, sna himeachtaí idir

Haut Conseil du commissariat aux comptes,

v

MO,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdéanta mar seo a leanas: A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, L. Bay Larsen (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, T. von Danwitz, A. Kumin agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: S. Spyropoulos, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus i dtaca le héisteacht an 9 Aibreán 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– MO, ag H. Carrasco, F. Molinié agus M. Nguyen Chanh, avocats,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

[i] Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní ag tagairt d'fhíorainm páirtí ar bith sna himeachtaí atá sé.

– ag Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus M. Guiresse, i gcáil Gníomhairí,

– ag Rialtas na Beilge, ag A. De Brouwer agus L. Van den Broeck, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag O. Gariazzo, G. Goddin, M. Mataija agus G. von Rintelen, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 13 Meitheamh 2024

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 25 de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, arna léamh i gcomhar le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, agus lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO 2006 L 157, lch. 87) arna leasú le Treoir 2014/56/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 (IO 2014 L 158, lch. 196) ('Treoir 2006/43'), agus le Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO 2014 L 158, lch. 77).

2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs díospóide idir an Haut Conseil du commissariat aux comptes (Ard-Chomhairle na nIniúchóirí Reachtúla, an Fhrainc) ('H3C') agus MO, iniúchóir reachtúil, maidir lena chomhfheidhmiú gníomhaíochtaí iniúchóireachta reachtúla agus gníomhaíochtaí tráchtála áirithe.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2006/43

3 Foráiltear le hAirteagal 2(10) de Threoir 2006/43:

'Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

(10) ciallaíonn "údaráis inniúla" na húdaráis arna n-ainmniú le dlí chun rialáil agus/nó formhaoirseacht a dhéanamh ar iniúchóirí reachtúla agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta nó ar ghnéithe áirithe díobh; […]'

4 Faoin gceannteideal ‘Córais imscrúdaithe agus pionóis,’ foráiltear le hAirteagal 30(1) den Treoir sin:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil córais éifeachtacha imscrúduithe agus smachtbhannaí ann chun forghníomhú neamhleor na hiniúchóireachta reachtúla agus an dearbhaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a bhrath, a cheartú agus a chosc.’

5 Faoin gceannteideal ‘Cumhachtaí chun pionóis a fhorchur,’ luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 30a1 den Treoir sin:

‘Forálfaidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis inniúla na bearta riaracháin agus na pionóis seo a leanas ar a laghad a dhéanamh agus/nó a fhorchur […]:

[…]’

6 Foráiltear le hAirteagal 32(1) agus (4) den Treoir sin an méid seo a leanas:

‘1. Bunóidh na Ballstáit córas éifeachtach formhaoirseachta poiblí le haghaidh iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, ar córas é a bheidh bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach i mír 2 go mír 7, agus ainmneoidh siad údarás inniúil a bheidh freagrach as an bhformhaoirseacht sin.’

[…]

4. Is ar an údarás inniúil a bheidh an fhreagracht deiridh as maoirseacht a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) formheas agus clárú iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta;

(b) caighdeáin a ghlacadh maidir le heitic ghairmiúil, rialú cáilíochta inmheánach gnólachtaí iniúchóireachta agus iniúchóireacht, ach amháin i gcás ina bhfuil na caighdeáin sin glactha nó formheasta ag údaráis eile de chuid na mBallstát;

(c) oideachas leanúnach;

(d) córais dearbhaithe cáilíochta;

(e) córais araíonachta imscrúdaithe agus riaracháin.’

Treoir 2006/123

7 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 25(1) de Threoir 2006/123:

‘Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear soláthraithe faoi réir ceanglais lena gcuirtear d’oibleagáid orthu gníomhaíocht shonrach ar leith a fheidhmiú go heisiach nó lena gcuirtear srian ar fheidhmiú gníomhaíochtaí éagsúla i gcomhpháirt nó i gcomhpháirtíocht.

Mar sin féin, féadfar na soláthraithe seo a leanas a chur faoi réir na gceanglas sin:

(a) na gairmeacha rialáilte, a mhéid atá bonn cirt leis chun a ráthú go gcomhlíonfar na rialacha lena rialaítear eitic ghairmiúil agus iompar gairmiúil, ar rialacha iad a athraíonn de réir chineál sonrach gach gairme, agus atá riachtanach chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú;

(b) soláthraithe deimhniúcháin, creidiúnaithe, faireacháin theicniúil, seirbhísí tástála nó trialach, a mhéid a bhfuil údar cuí leis chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú.'

Dlí na Fraince

An Cód Tráchtála

8 Foráiltear le hAirteagal L. 822-10 den Code de commerce ('an Cód Tráchtála'), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Tá feidhmeanna iniúchóra reachtúil ar neamhréir leis an méid seo a leanas:

[...]

3. Aon ghníomhaíocht tráchtála, cibé acu a dhéantar go díreach nó trí idirghabhálaí í [...].'

9 Foráladh le hAirteagal L. 824-1 den chód sin, go háraithe, gurb ionann aon sárú ar na coinníollacha dlíthiúla chun gairm an iniúchóra reachtúil a chleachtadh agus mí-iompar araíonachta.

10 Bunaíodh Comhdhéanamh Srianta H3C le hAirteagal L-821-2, II, den Chód Tráchtála, ar dá bhun a bhí dlínse ag an gcomhdhéanamh sin na pionóis a fhorchur as mí-iompar a raibh iniúchóirí reachtúla faoina réir mar thoradh ar chionta araíonachta a rinne siad.

11 Mar chomhaltaí de Choláiste H3C, tháinig comhaltaí chomhdhéanamh srianta H3C faoi raon feidhme fhorálacha Dlí Uimh. 2017-255 an 20 Eanáir 2017 maidir le stádas ginearálta údarás riaracháin neamhspleách agus údarás poiblí neamhspleách (JORF an 21 Eanáir 2017, Téacs Uimh. 2). Leanann sé as sin, go háirithe, go raibh a sainordú neamh-inchúlghairthe agus go raibh siad faoi réir rialacha eitice gairmiúla lena leagtar síos neamh-chomhoiriúnachtaí éagsúla agus lena gceanglaítear orthu a bhfeidhmeanna a fheidhmiú le dínit, ionracas agus sláine, deireadh a chur láithreach le haon choinbhleacht leasa agus gan treoracha a fháil ná a lorg ó aon údarás i bhfeidhmiú a gcumhachtaí.

12 Foráiltear le hAirteagal L. 824-13 den Chód Tráchtála an méid seo a leanas:

'Foilseofar cinneadh [H3C] ar a shuíomh gréasáin. I gcás inarb iomchuí, poibleoidh sé freisin sna foilseacháin, sna hirisí nó sna meáin a ainmneoidh [H3C], i bhfoirm foilseacháin a bheidh comhréireach leis an gcion nó leis an mí-iompar a rinneadh agus leis an bpionós a forchuireadh. Is iad na daoine atá faoi smachtbhannaí a íocfaidh na costais[...].'

13 Foráiltear le hAirteagal L 824-14 den Chód sin:

‘Féadfaidh an duine atá ceadaithe nó uachtarán [H3C], le comhaontú Choláiste [H3C], achomharc a dhéanamh os comhair an Conseil d’État [(an Chomhairle Stáit, an Fhrainc)] a fheidhmíonn dlínse neamhtheoranta].’

An Cód Ceartais Riaracháin

14 Foráiltear le hAirteagal L. 311-4 den Code de justice administrative (Cód an Cheartais Riaracháin), arna leasú le hAirteagal 33 den Dlí Uimh. 2021-1382 an 25 Deireadh Fómhair 2021 (JORF an 26 Deireadh Fómhair 2021, Téacs Uimh. 2):

‘Déanfaidh an Chomhairle Stáit, ag an gcéad chéim agus ag an gcéim dheiridh, dlínse neamhtheoranta a fheidhmiú in imeachtaí a thabharfar os a comhair de réir:

[…]

4. Airteagal L. 824-14 den Chód Tráchtála;

[…]’

Ordú Uimh. 2023-1142

15 Tá forálacha in Ordú Uimh. 2023-1142 an 6 Nollaig 2023 maidir le foilsiú agus deimhniú faisnéise a bhaineann le hoibleagáidí inbhuanaitheachta agus comhshaoil, sóisialta agus rialachais chorparáidigh (JORF an 7 Nollaig 2023, Téacs Uimh. 19) maidir leis an Haute autorité de l’audit (an tArd-Údarás Iniúchóireachta) a chur in ionad H3C.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

16 Tá MO taifeadta, ó 1967 i leith, i gclár nOrd Cuntasóirí agus i gClár na nIniúchóirí Reachtúla.

17 Tá 99.9% de chaipiteal Fiducial SC, arb é an bainisteoir air, faoi úinéireacht MO, go díreach nó go hindíreach trí Fiducial International SA. Is é an dara cuideachta máthairchuideachta an Ghrúpa Fiducial ildisciplíneach, a bhunaigh MO in 1970, agus cuireann sé raon seirbhísí ar fáil do ghnóthais.

18 Laistigh den ghrúpa sin, déanann an Société fiduciaire nationale d’expertise comptable Fidexpertise SA, a bhfuil 98.69% den chaipiteal ag MO go díreach nó go hindíreach agus a bhfuil sé ina chathaoirleach ar an mbord stiúrthóirí agus ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin, in éineacht lena fhochuideachtaí, gníomhaíochtaí cuntasaíochta. Tá an Société fiduciaire nationale de révision comptable, Fidaudit SA, a bhfuil 98 % den chaipiteal ag MO go díreach nó go hindíreach agus a bhfuil sé ina chathaoirleach ar an mbord stiúrthóirí agus a gcuireann an príomhoifigeach feidhmiúcháin gníomhaíochtaí iniúchóireachta reachtúla i gcrích in éineacht lena fhochuideachtaí.

19 Ina theannta sin, cuireann an grúpa sin, i réimsí amhail slándáil, díol soláthairtí oifige agus troscáin, seachadadh seirbhísí TF, gníomhaireacht maoine agus bainistiú cuideachtaí infheistíochta réadmhaoine nó fiú baincéireacht, raon seirbhísí eile ar fáil do ghnóthais trí fhochuideachtaí Fiducial SC. Ina theannta sin, oibríonn an grúpa céanna stáisiún raidió náisiúnta agus na meáin réigiúnacha.

20 An 3 Eanáir 2022, thug uachtarán H3C fógra do rapóirtéir ginearálta H3C faoi fhíorais a líomhnaítear i gcoinne MO, a d'fhéadfadh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí tráchtála a bhunú nach bhfuil ag luí le feidhmeanna iniúchóra.

21 Tar éis imscrúdú ag rapóirtéir ginearálta H3C maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann le feidhmiú feidhmeanna iniúchóra reachtúil ag MO, chinn rialú chomhdhéanamh H3C ar chásanna aonair, trí chinneadh an 13 Deireadh Fómhair 2022, imeachtaí pionóis a thionscnamh i leith MO.

22 De réir an ghearáin arna tharraingt suas ag an gcomhdhéanamh sin, maíodh go raibh MO, ón 3 Eanáir 2016, ag sárú Airteagal L. 822-10 den Chód Tráchtála, trí pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, trí idirghabhálaí Fiducial SC agus Fiducial International, i ngníomhaíochtaí tráchtála nach féidir cur síos a dhéanamh orthu mar ghníomhaíochtaí atá 'coimhdeach do ghairm an chuntasóra' agus nach bhfuil, dá bhrí sin, ag luí le feidhmeanna iniúchóra reachtúil.

23 An 3 Eanáir 2023, sheol rapóirtéir ginearálta H3C cóip den fhógra faoin ngearán sin chuig uachtarán Chomhdhéanamh Srianta H3C, mar aon le cóip den tuarascáil imscrúdaithe agus den chomhad imscrúdaithe, agus chuir sé a thuarascáil chríochnaitheach isteach an 19 Eanáir 2023.

24 Ag an éisteacht a tionóladh an 13 Aibreán 2023, ar toghaireadh MO ina leith, d'iarr rapóirtéir ginearálta H3C go mbainfí MO de chlár na n-iniúchóirí, agus go ngearrfaí pionós airgeadais agus go n-ordófaí an cinneadh a fhoilsiú i nuachtán eacnamaíoch nó airgeadais, a mbeadh a chostais le híoc ag an duine lena mbaineann.

25 Is i gcomhthéacs na n-imeachtaí araíonachta sin a mheasann Comhdhéanamh Srianta H3C gur gá ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais faoi léiriú Airteagal 25 de Threoir 2006/123, arna léamh i gcomhar le forálacha Threoir 2006/43 agus Rialachán Uimh. 537/2014.

26 Ina iarraidh ar réamhrialú, tugann Comhdhéanamh Srianta H3C le fios gur 'cúirt nó binse' é, de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

27 I ndáil leis sin, tugann sí dá haire gur bunaíodh é le hAirteagal L. 821-2, II, den Chód Tráchtála, ar dá bhun a bhí dlínse aici pionóis a fhorchur as mí-iompar a raibh iniúchóirí reachtúla, go háraithe, faoina réir mar thoradh ar chionta araíonachta agus mí-iompar a rinne siad.

28 Mar chomhaltaí de Choláiste H3C, tá sainordú neamh-inchúlghairthe ag na comhaltaí atá i gComhdhéanamh Srianta H3C. Thairis sin, tá siad faoi réir rialacha eitice gairmiúla lena leagtar síos neamh-chomhoiriúnachtaí éagsúla lena gceanglaítear orthu a bhfeidhmeanna a fheidhmiú le dínit, ionracas agus sláine, deireadh a chur láithreach le haon choinbhleacht leasa agus gan treoracha a fháil nó a lorg ó aon údarás i bhfeidhmiú a gcumhachtaí.

29 Maidir le himeachtaí pionóis i gcoinne iniúchóra reachtúil, sonraíonn an comhlacht a rinne an tarchur nach bhféadfaidh sé dlínse a ghlacadh chuige féin; ní fhéadfar na himeachtaí a thionscnamh ach amháin tar éis tarchur ó rapóirtéir ginearálta H3C. Tá an t-oifigeach sin

freagrach as imscrúdú a dhéanamh agus ina dhiaidh sin, tar éis éisteacht a thabhairt don duine lena mbaineann, seolann sé nó sí tuarascáil chuig H3C. Déanann H3C plé in éagmais chomhaltaí an chomhlachta a rinne an tarchur agus, i gcás inarb iomchuí, ar an ngearán nó ar na gearáin a chuir rapóirtéir ginearálta H3C in iúl don duine lena mbaineann, a tharchuirtear ansin chuig comhdhéanamh srianta H3C.

30 Tar éis éisteacht a thabhairt, ag éisteacht phoiblí, don duine lena mbaineann, a fhéadfaidh, más gá, a iarraidh go scaoilfear duine de chomhaltaí an chomhdhéanaimh shrianta sin a bhfuiltear os a chomhair ar an gcaoi sin, déanann an duine sin plé in éagmais an duine sin agus rapóirtéir ginearálta H3C, agus ansin tugann sé cinneadh réasúnaithe.

31 Sa chomhthéacs sin, féadfaidh comhdhéanamh sriantach H3C, go háraithe, pionóis a fhorchur.

32 Féadfaidh an duine ar a ngearrtar pionós nó uachtarán H3C, le comhaontú Choláiste H3C, agóid a dhéanamh in aghaidh chinntí Chomhdhéanamh Srianta H3C, i gcomhthéacs achomharc os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit) a fheidhmíonn dlínse neamhtheoranta.

33 Sna himthosca sin, chinn comhdhéanamh srianta H3C bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear Airteagal 25 de Threoir [2006/123] a léiriú, ag féachaint go háirithe d'fhorálacha Threoir [2006/43] agus Rialachán [Uimh. 537/2014], sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar iniúchóirí reachtúla agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta aon ghníomhaíocht tráchtála a dhéanamh, cibé acu go díreach nó trí idirghabhálaí?

2) I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist, an bhfuil feidhm aige freisin i gcás ina n-eisiatar leis an reachtaíocht sin ó raon feidhme an toirmisc sin, mar eisceacht, ar thaobh amháin, gníomhaíochtaí tráchtála atá tánaisteach do ghairm an chuntasóra, gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir leis na rialacha maidir le hiompar gairmiúil agus neamhspleáchas iniúchóirí agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 22 d'Ordú Uimh. 45-2138 an 19 Meán Fómhair 1945 maidir le hOrdú Cuntasóirí a bhunú agus lena rialaítear teideal gairmiúil agus gairm an chuntasóra (JORF an 21 Meán Fómhair 1945, lch. 5938) agus, ar an taobh eile, gníomhaíochtaí tráchtála tánaisteacha arna seoladh ag comhpháirtíocht ildisciplíneach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 31-5 de Dhlí Uimh. 90-1258 an 31 Nollaig 1990 maidir le feidhmiú, i bhfoirm cuideachta nó gnólachta, gairmeacha liobrálacha arna rialú ag reachtaíocht nó rialacháin áirithe nó a bhfuil a dteideal gairmiúil cosanta, agus maidir le cuideachtaí do ghairmeacha liobrálacha (JORF an 5 Eanáir 1991, lch. 216)?'

Inghlacthacht

34 Ina bharúlacha i scríbhinn, áitíonn Rialtas na Fraince nach 'cúirt ná binse' é comhdhéanamh srianta H3C, de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. Go háirithe, maíonn sí nach de chineál breithiúnach é an cinneadh a iarrtar ar chomhdhéanamh H3C a dhéanamh. Ina theannta sin, de réir an rialtais sin, comhcheanglaíonn H3C feidhmeanna rialála, formhaoirseachta earnála agus pionóis a fhéadfaidh sé a fheidhmiú *ex officio*, rud a dheimhníonn cineál riaracháin a fheidhmeanna. Ní chaitheann conclúid den sórt sin amhras ar shocruithe eagraíochtúla inmheánacha H3C, a leagtar síos, go háraithe, le ceanglais bhunreachtúla na Fraince.

35 De réir chásdlí socair na Cúirte, agus cinneadh á dhéanamh an ‘cúirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE é an comhlacht a dhéanann ceist a tharchur, ceist a rialaítear go heisiach le dlí an Aontais, cuireann an Chúirt roinnt tosca san áireamh, amhail, go háraithe, an bhfuil an comhlacht sin bunaithe le dlí, an bhfuil sé de nádúr buan, an bhfuil a dhlínse éigeantach, an ngabhann nós imeachta *inter partes* leis, an gcuireann sé rialacha dlí i bhfeidhm agus an bhfuil sé neamhspleách (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Is léir freisin ó chásdlí socair na Cúirte nach bhféadfaidh cúirteanna náisiúnta cás a thabhairt faoi bhráid na Cúirte ach amháin má bhíonn cás atá ar fionraí faoina bráid agus má iarrtar orthu breithiúnas a thabhairt in imeachtaí arb é is aidhm dóibh breith de chineál breithiúnach a bheith mar thoradh orthu (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Dá bhrí sin, ba cheart a chinneadh an bhfuil an comhlacht i dteideal cás a thabhairt os comhair na Cúirte de réir critéir struchtúracha agus fheidhmiúla. Mar sin, féadfar comhlacht náisiúnta a aicmiú mar ‘c[h]úirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, i gcás ina bhfuil cúraimí bhreithiúnacha á bhfeidhmiú aige, cé nach féidir an stádas sin a aithint agus cúraimí eile, á bhfeidhmiú (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Dá bhrí sin, dar leis an gCúirt, gur gá cineál sonrach na gcúraimí éagsúla arna gcur leis an dlí ar chomhlacht náisiúnta, a bhíonn á bhfeidhmiú aige i gcomhthéacs dlí ar leith ina n-iarrtar air cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, a fhíorú lena fhionnadh an gcaithfear é a aicmiú mar ‘c[h]úirt nó binse’ de réir bhrí Airteagal 267 CFAE (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Shonraigh an Chúirt freisin go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhfíorú sin i gcás údarás riaracháin a bhfuil a neamhspleáchas ina iarmhairt dhíreach ar na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais lena dtugtar cumhachtaí rialála earnála agus faireacháin margaidh dóibh. Bíodh is gur dócha gur féidir leis na húdaráis sin na critéir a liostaítear i mír 35 den bhreithiúnas seo a chomhlíonadh, is de chineál riaracháin go bunúsach earnáil a ghrinnscrúdú agus faireachán a dhéanamh ar na margaí, a mhéid atá baint aige le hinniúlachtaí a fheidhmiú nach luíonn leo a thugtar do na cúirteanna (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 45).

40 Dá bhrí sin, fiú mura bhfuil amhras ann maidir lena bhunú le dlí, a nádúr buan, cineál sáraíochta na n-imeachtaí os a chomhair, a chur i bhfeidhm rialacha dlí agus a neamhspleáchas, ní féidir le comhlacht náisiúnta tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú ach amháin más rud é, i gcomhthéacs an cháis atá ar feitheamh os a comhair, go bhfeidhmíonn sé feidhmeanna de chineál breithiúnach (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 46).

41 Ina theannta sin, is tásca iad an chumhacht chun tús a chur le himeachtaí ar a tionscamh féin agus an chumhacht chun pionóis a fhorchur, ar a tionscnamh féin chomh maith, in ábhair a thagann faoina inniúlacht nach bhfuil feidhmeanna breithiúnacha ach feidhmeanna riaracháin á bhfeidhmiú ag an gcomhlacht atá i gceist (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 48).

42 Chun measúnú a dhéanamh ar chineál feidhmeanna comhlachta, is gá a ról agus a áit sa chóras dlí náisiúnta a chur san áireamh freisin. Dá bhrí sin, ní mór gníomhaíochtaí comhlachtaí rialála nach bhfuil de chúram orthu athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinnidh ach seasamh a ghlacadh den chéad uair, maidir le gearáin agus ar féidir a gcinntí a chonspóid, a aicmiú mar ghníomhaíochtaí 'riaracháin' (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, míreanna 50 agus 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Chinn an Chúirt freisin nach féidir leis an gcoincheap 'cúirt nó binse' de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, i ngeall ar a chineál, tagairt a dhéanamh ach d'údarás a bhfuil stádas tríú páirtí aige i ndáil leis an údarás sin a ghlac an cinneadh lena mbaineann ar ábhar é do na himeachtaí (breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail*, C-453/20, EU:C:2022:341, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Ar deireadh, mheas an Chúirt gur cosúil gur cinneadh riaracháin é cinneadh i gcás nach bhfuil sé in ann tréithe cinnidh bhreithiúnaigh a fháil, go háirithe fórsa *res judicata* (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Meán Fómhair, *Anesco agus páirtithe eile*, C-462/19, EU:C:2020:715, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is gá scrúdú a dhéanamh, sa chás seo, ar chineál agus ar fheidhm H3C sa chóras formhaoirseachta poiblí d'iniúchóirí reachtúla, a leagtar síos le Treoir 2006/43.

46 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 32(1) den Treoir sin go n-eagróidh na Ballstáit córas éifeachtach formhaoirseachta poiblí d'iniúchóirí reachtúla agus do ghnólachtaí iniúchóireachta agus go gceapfaidh siad údarás inniúil le bheith freagrach as an bhformhaoirseacht sin.

47 I gcomhréir le hAirteagal 32(4) den Treoir sin, is ar an údarás sin a bheidh an fhreagracht deiridh as formheas agus clárú iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, as caighdeáin a ghlacadh maidir le heitic ghairmiúil, as rialú cáilíochta inmheánach gnólachtaí iniúchóireachta agus as iniúchóireacht, oideachas leanúnach, dearbhú cáilíochta agus córais imscrúdaitheacha agus araíonachta.

48 Is iad údaráis inniúla na mBallstát, a shainítear in Airteagal 2(10) de Threoir 2006/43 mar údaráis nó comhlachtaí arna n-ainmniú le dlí atá i gceannas ar rialáil agus/nó formhaoirseacht iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, a dhéanann an fhormhaoirseacht phoiblí.

49 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 30(1) den Treoir sin, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil córais éifeachtacha imscrúduithe agus pionós ann chun forghníomhú neamhleor na hiniúchóireachta reachtúla a bhrath, a cheartú agus a chosc agus, i gcomhréir le hAirteagal 30a(1) den Treoir sin, go ndéanfaidh na Ballstáit foráil go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla na bearta riaracháin agus na smachtbhannaí a liostaítear ann a dhéanamh agus/nó a fhorchur ar a laghad.

50 I bhfianaise a chumhachtaí formhaoirseachta agus smachtbhannaí faoi dhlí an Aontais, is iondúil go bhfeidhmíonn údarás inniúil arna cheapadh ag Ballstát de bhun, go háirithe, Airteagal 32(1) de Threoir 2006/43 feidhmeanna de chineál riaracháin.

51 Mar sin féin, d'ainneoin chineál riaracháin fheidhmeanna údaráis den sórt sin i bprionsabal, is gá a chinneadh, mar is léir ón gcásdlí a leagtar amach i mír 38 den bhreithiúnas seo, an gá an t-údarás sin a mheas, i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna sonracha a chomhlíonann sé i gcomhthéacs na bpríomhimeachtaí, mar 'c[h]úirt nó binse', de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

52 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 42 dá Thuairim, féadfaidh H3C rialú a thabhairt *ex officio*. Thairis sin, is léir ón ordú tarchuir, sna príomhimeachtaí, gur tionscnaíodh na himeachtaí araíonachta gan gearán a bheith faighte ag H3C roimh ré.

53 Ina dhiaidh sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó Airteagal L. 824-14 den Chód Tráchtála, go bhféadfadh an cinneadh chun pionós a fhorchur i gcomhthéacs imeachtaí araíonachta amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí a bheith ina ábhar achomhairc os comhair na Conseil d'État (an Chomhairle Stáit).

54 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás ina ndéantar achomharc den sórt sin, go bhfuil stádas cosantóra ag H3C. Le rannpháirtíocht den sórt sin ag H3C in imeachtaí achomhairc, lena dtarraingítear amhras ar a chinneadh féin, léirítear, i gcás ina nglacann sé an cinneadh sin, nach bhfuil stádas tríú páirtí ag H3C, de réir na brí a luaitear i mír 43 den bhreithiúnas seo.

55 Ar deireadh, mar a thug Rialtas na Fraince chun suntais ina bharúlacha i scríbhinn, feidhmíonn an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit) rialacha dlínse neamhtheoranta, ag an gcéad chéim agus ag an gcéim dheireanach, maidir le hachomhairc i gcoinne cinneadh den sórt sin chun pionós a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal L. 824-14 den Chód Tráchtála. Is léir ón bhfaisnéis atá os comhair na Cúirte go dtugtar le tuiscint leis an imthoisc sin, faoi dhlí na Fraince, nach meastar go bhfuil feidhm *res judicata* ag an gcinneadh chun pionós a fhorchur.

56 Is fíor, mar a d'áitigh MO, gur tugadh comhdhéanamh sonrach H3C os comhair na Cúirte, i gcomhthéacs na tagartha seo le haghaidh réamhrialú, eadhon a chomhdhéanamh srianta. I ndáil leis sin, maíonn MO, go bunúsach, gur gá idirdhealú a dhéanamh idir gníomh an chomhdhéanaimh sin agus gníomh H3C maidir le himeachtaí a thionscnamh agus stádas an chomhdhéanaimh shrianta sin os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit) i gcomhthéacs achomhairc os a comhair.

57 Mar sin féin, mar a thugann an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 43 dá Thuairim, ní mór a mheas, i gcomhthéacs na n-imeachtaí ba chúis leis an tarchur chun réamhrialú seo, gur údarás formhaoirseachta ina iomláine é H3C, cé go ngníomhaíonn sé trí na haonaid éagsúla dá struchtúr orgánach.

58 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, nach dtagraítear i dTreoir 2006/43 ach do na 'húdaráis inniúla', gan idirdhealú a dhéanamh idir na húdaráis sin agus a gcomhpháirteanna éagsúla. Dá bhrí sin, ós rud é, sa sainmhíniú ar shocruithe eagraíochtúla údaráis den sórt sin, gur chinn Ballstát nós imeachta inmheánach a bhunú lena mbaineann idirghabháil chomhleanúnach ó roinnt comhpháirteanna den údarás sin, d'fhonn na feidhmeanna imscrúdaitheacha agus fiosrúcháin a dheighilt ón bhfeidhmeanna imscrúdaithe agus fiosrúcháin a bhaineann le pionós a fhorchur, ní féidir a chinneadh nach de chineál riaracháin é an cinneadh a rinne an t-údarás sin, i gcomhréir leis an nós imeachta inmheánach sin.

59 Go háirithe, ní féidir a thuiscint as sin go gceadaítear le heagrú inmheánach H3C a mheas go bhfuil stádas 'tríú páirtí' ag comhdhéanamh srianta H3C i ndáil leis an H3C féin, de réir na brí a mheabhraítear i mír 43 thuas.

60 Thairis sin, mar a thug Rialtas na Fraince dá aire ina bharúlacha i scríbhinn, is léir ón dlí náisiúnta is infheidhme go dtagraítear go sainráite in Airteagal L. 824-13 den Chód Tráchtála do chinneadh chomhdhéanamh srianta H3C in ábhair araíonachta mar 'chinneadh ón H3C' seachas cinneadh ón gcomhdhéanamh sin.

61 I bhfianaise an mhéid roimhe seo, ní mór a mheas go bhfeidhmíonn Comhdhéanamh Srianta H3C, sa chomhthéacs dlíthiúil ar leith ina n-iarrann sé rialú ón gCúirt, feidhmeanna nach de chineál breithiúnach iad, ach de chineál riaracháin. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur 'cúirt nó binse' í de réir bhrí Airteagal 267 CFAE, agus mar thoradh air sin tá an iarraidh ar réamhrialú a rinne sí do-ghlactha.

Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair an chomhlachta a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcomhlacht sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Tá an iarraidh ar réamhrialú ó phainéal roghnaithe an Haut Conseil du commissariat aux comptes (Ard-Chomhairle na nIniúchóirí Reachtúla, Comhdhéanamh Srianta, an Fhrainc), trí chinneadh an 25 Bealtaine 2023, do-ghlactha.

Sínithe